Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Aibreán 2023
(OR. en)

8069/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0091(NLE)**

TRANS 131

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 179 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha i dtaca le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe agus i ndáil le modh comhchoiteann sábháilteachta i ndáil le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, leis an modhnú ar rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, agus na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla STI FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le FTL a uasghrádú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 179 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 179 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2023
COM(2023) 179 final

2023/0091 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha i dtaca le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe agus i ndáil le modh comhchoiteann sábháilteachta i ndáil le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, leis an modhnú ar rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, agus na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla STI FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le FTL a uasghrádú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Beidh an 15ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl i mBeirn an 13 agus 14 Meitheamh 2023. Beidh ar chlár oibre an chruinnithe an méid seo a leanas:

– Togra le haghaidh athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe;

– Togra le haghaidh modhnú a dhéanamh ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le Modh Comhchoiteann Sábháilteachta chun meastóireacht riosca agus measúnú riosca;

– Togra le haghaidh modhnú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta Choiste Saineolaithe Teicniúla;

– Togra le haghaidh na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht (STInna) maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta (FTL), a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta, a thabhairt cothrom le dáta.

Forbraíonn OTIF córais dlí aonfhoirmeacha don iompar idirnáisiúnta d'iarnród i dtrí phríomhréimse gníomhaíochta: idir-inoibritheacht theicniúil, earraí contúirteacha agus dlí na gconarthaí iarnróid.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo na cinntí thuasluaite atá le glacadh ag an CTE agus ní mór an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais a leagan síos le Cinneadh ón gComhairle ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)

An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), is comhaontú idirnáisiúnta é inar Páirtithe Conarthacha iad an tAontas agus 25 Bhallstát[1].

An 16 Meitheamh 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus OTIF maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999 ('Comhaontú Aontachais AE-COTIF').

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

De réir Airteagal 2(1) de COTIF, is é is aidhm do OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú, ar gach bealach, go háirithe trí chórais a chruthú ina mbeidh dlí aonfhoirmeach i réimsí éagsúla an dlí maidir leis an trácht idirnáisiúnta d'iarnród. Chomh maith leis sin, le COTIF rialaítear feidhmiú na hEagraíochta agus cuspóirí, saintréithe agus caidreamh na hEagraíochta leis na Stáit Chonarthacha mar aon lena cuid gníomhaíochtaí go ginearálta.

[1] Is iad an Chipir agus Málta amháin nach Páirtithe Conarthacha ann iad.

Dá bhrí sin, bíonn COTIF ag plé leis an reachtaíocht maidir le hiompar d'iarnród i ndáil le roinnt ábhair dhlíthiúla agus theicniúla a roinntear ina ndá chuid: an Coinbhinsiún féin lena rialaítear feidhmiú OTIF, agus na hocht bhFoscríbhinn lena mbunaítear an dlí iarnróid aonfhoirmeach:

– Foscríbhinn A – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród **(CIV)**

– Foscríbhinn B – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród (**CIM)**

– Foscríbhinn C – Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród **(RID**)

– Foscríbhinn D – An Conradh maidir le húsáid feithiclí i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUV)**

– Foscríbhinn E – an Conradh maidir le húsáid an bhonneagair sa trácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUI)**

– Foscríbhinn F – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid atá beartaithe a úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta **(APTU UR)**

– Foscríbhinn G – Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta **(ATMF UR)**

– Foscríbhinn H – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha sa trácht idirnáisiúnta (**EST UR**)

Ar bhonn Fhoscríbhinní F agus G a ghabhann le COTIF, tá 12 Shaintreoir Theicniúla Aonfhoirmeacha ann maidir leis an idir-inoibritheacht theicniúil. Is ionann cuspóir do Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha i gcreat COTIF agus do shonraíochtaí teicniúla an Aontais don idir-inoibritheachta (STIanna) maidir leis an gcead isteach sa trácht idirnáisiúnta, mar a shainítear i gCaibidil II de Threoir (AE) 2016/797.

42 Stát as na 47 Stát atá ina bPáirtithe in COTIF, lena n-áirítear 25 Bhallstát an Aontais a luadh cheana, cuireann siad Foscríbhinní F agus G i bhfeidhm.

**2.2. Coiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) OTIF**

Bunaítear CTE le hAirteagal 13 (1) (f) de COTIF. Is éard atá ann Ballstáit OTIF a chuireann Foscríbhinní F agus G (APTU, ATMF) a ghabhann le COTIF i bhfeidhm.

Tá inniúlacht ag CTE maidir le hábhair idir-inoibritheachta agus an comhchuibhiú teicniúil sa réimse iarnróid agus sna nósanna imeachta formheasa teicniúla. Forbraíonn sé Foscríbhinní APTU agus ATMF agus a Rialacha Aonfhoirmeacha, a bhfuil feidhm acu maidir le hábhar iarnróid atá beartaithe a úsáid sa trácht idirnáisiúnta, is iad sin na foscríbhinní agus na rialacha aonfhoirmeacha a bhaineann go sonrach leis an méid seo a leanas:

– glacadh saintreoracha teicniúla le haghaidh feithiclí agus bonneagair agus bhailíochtú na gcaighdeán;

– nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht feithiclí;

– forálacha maidir le cothabháil feithiclí;

– freagrachtaí maidir le comhdhéanamh traenach agus úsáid shábháilte feithiclí;

– forálacha maidir le meastóireacht riosca agus measúnú riosca;

– sonraíochtaí i gcomhair clár.

Tá Buanmheitheal (WG TECH) atá ag CTE faoi láthair agus is í atá freagrach as cinntí CTE a ullmhú.

De bhun Airteagal 20(1) (b) de COTIF agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Fhoscríbhinn F (APTU), tá CTE inniúil chun Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh nó a leasú. I gcomhréir le hAirteagal 16 (10) de COTIF, tá an inniúlacht ag CTE maidir le athbhreithniú ar a rialacha nós imeachta a mholadh.

## 2.3. Gníomhartha á nglacadh ag CTE

De réir Airteagal 6 de APTU, déanfaidh CTE cinneadh maidir le UTP nó foráil lena leasaítear an Saintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 16, 20 agus 33 § 6 den Choinbhinsiún. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé an gnáthphróiseas glactha le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha suas le bliain go leith.

## 2.4. Na gníomhartha atá beartaithe agus atá le glacadh ag an CTE le linn sheisiúin an 13 agus an 14 Meitheamh 2023

### *2.4.1. Athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe (GEN-E)*

Déanann na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E tuairisc ar na cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe. Tháinig an leagan atá ann faoi láthair i bhfeidhm an 1 Nollaig 2011. Bhí sé bunaithe ar Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal[2].

An t-athbhreithniú iomlán ar Shaintreoir Teicniúil Aonfhoirmeacha GEN-E a mhol CTE, tá údar cuí leis i ngeall ar roinnt forbairtí ó tháinig na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha i bhfeidhm.

Ar an gcéad dul síos, cuireadh Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] in ionad Threoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tá forálacha níos mionsonraithe sa Treoir is déanaí maidir le cáilíocht agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe ná an Treoir roimhe seo.

Tá sé d'aidhm ag an athbhreithniú iomlán atá beartaithe ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E:

– Struchtúr níos soiléire a chur ar na forálacha;

– A raon feidhme a shoiléiriú, go háirithe maidir le dlí an Aontais;

– Na forálacha a ailíniú leis na forálacha is déanaí is infheidhme san Aontas.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E faoi mar a mhol OTIF.

---

2 Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 191, 18.7.2008, lch. 1)

3 Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44)

*2.4.2. Modhnú a dhéanamh ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le modh comhchoiteann sábháilteachta chun meastóireacht riosca agus measúnú riosca (GEN-G)*

Leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G, leagtar síos nós imeachta comhchuibhithe chun bainistiú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hathruithe suntasacha ar an gcóras iarnróid nó, má éilíonn na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha sin, ar fhochórais struchtúracha. Rialaítear leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G freisin na ceanglais is infheidhme maidir leis an modh comhchoiteann sábháilteachta ag na comhlachtaí neamhspleácha measúnaithe. Tá siad coibhéiseach faoi láthair le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 ón gCoimisiún arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/1136 ón gCoimisiún[4].

Leis an athbhreithniú atá beartaithe, leathnaítear raon feidhme na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G, ionas go gcumhdófar meastóireacht riosca agus measúnuithe riosca a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta (CBS) faoi raon feidhme EST UR.

Ní dhéanann an togra aon athrú ar na forálacha maidir le meastóireacht riosca agus ar na forálacha maidir le glacadh le hiarratais faoi raon feidhme APTU agus ATMF UR. Baineann na hiarratais sin go príomha le measúnú a dhéanamh ar tháirgí nua, mar shampla rothstoc, cothabháil feithiclí nó athruithe ar dhearadh, ar thógáil nó ar chothabháil táirgí, ar choinníoll go dtagann na hiarratais sin faoi raon feidhme APTU agus ATMF UR.

Leis na leasuithe cuirfear iarratais isteach laistigh de raon feidhme UR EST. Baineann na hiarratais sin go príomha le hathruithe oibríochtúla agus eagraíochtúla, lena n-áirítear athruithe ar CBS, ar choinníoll go dtagann siad faoi raon feidhme UR EST.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar modhnú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G faoi mar a mhol OTIF.

*2.4.3. Modhnú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta Choiste Saineolaithe Teicniúla (CTE)*

Le hAirteagal 16 § 10 de COTIF ceanglaítear ar CTE a rialacha nós imeachta a leagan síos. Tá sé d’aidhm ag COTIF a áirithiú go ndéanfar an plé ar bhealach ordúil agus go mbeidh cearta agus oibleagáidí na rannpháirtithe uile soiléir.

Tá sé d’aidhm ag an modhnú atá beartaithe ar na rialacha nós imeachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

– na cleachtais a leagadh síos ó phaindéim COVID-19 a chur san áireamh, agus go háirithe go bhfuil cruinnithe hibrideacha á gcur ar siúl níos minice anois;

– moladh arna ghlacadh ag Coiste OTIF *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta an 5 Aibreán 2022 maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara in obair OTIF a chur san áireamh;

– léiriú a thabhairt ar chleachtas nua CTE maidir le liosta cinntí a eisiúint go gairid tar éis a chruinnithe;

– léiriú a thabhairt ar an gcinneadh a rinne CTE ag an 14ú seisiún a bhí aige agus ba cheart do Stáit chonarthacha agus d’eagraíochtaí réigiúnacha pointí fócasacha a ainmniú ina dhiaidh sin.

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1136 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2015 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 maidir leis an modh comhchoiteann sábháilteachta chun meastóireacht riosca agus measúnú riosca a dhéanamh (IO L 185, 14.7.2015, lch. 6)

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar modhnú ar rialacha nós imeachta CTE faoi mar a mhol OTIF.

*2.4.4. Na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla in STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta a thabhairt cothrom le dáta*

Leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le FTL, atá i bhfeidhm ón 1.12.2017, leagtar síos ceanglais maidir leis an bpróiseas cumarsáide idir gnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair, bunachair sonraí atá beartaithe a úsáid chun traenacha agus gluaiseachtaí vaigíní a rianú agus faisnéis atá le seachadadh chuig custaiméirí lastais. Tá sé coibhéiseach le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfeidhmchlár teileamaitice d'fhochórais lasta an chórais iarnróid san Aontas Eorpach[5] (STInna maidir le FTL). Leasaíodh an rialachán an 26 Márta 2021 le Rialachán (AE) 2021/541[6].

Déantar tagairt in STAnna maidir le FTL do dhoiciméid theicniúla[7] sna STInna maidir le FTL a fhoilsítear agus a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA). Cuireadh an tagairt sin sna STAnna ionas go gcumhdaítear na forálacha maidir le teicneolaíocht faisnéise le COTIF, ach go mbainistítear le ERA iad. Ós follasach é gur modhnú é ar na STAnna maidir le Feidhmchláir Theileamaitice do Lasta an modhnú ar na tagairtí sin, ní mór é a bheith faoi réir cinneadh ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla i gcomhréir le hAirteagal 20 § 1 b) COTIF agus le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 8a de APTU.

Mar thoradh air sin, is gá modhnuithe a dhéanamh ar na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I de na STAnna maidir le Feidhmchláir Theileamaitice do Lasta chun earráidí a cheartú, úsáid a bhaint as aiseolas, coinneáil suas le dul chun cinn teicniúil agus coibhéis leis na sonraíochtaí a chuirtear i bhfeidhm san Aontas a choinneáil ar bun.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar an togra le haghaidh na tagairtí do dhoiciméid theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht maidir le Feidhmchláir Theileamaitice do Lasta a thabhairt cothrom le dáta faoi mar a mhol OTIF.

### 2.5. Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála

De bhun Airteagal 6 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le COTIF arna fhormheas trí Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011:

'1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún.

2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.

3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh an líon céanna vótaí ag an Aontas agus atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh na Ballstáit.'

Faoi dhlí an Aontais, tá inniúlacht eisiach faighte ag an Aontas maidir le hiompar d'iarnród i gcás ina mbíonn tionchar ag COTIF nó na hionstraimí dlíthiúla arna nglacadh dá bhun

[5] *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*: IO L 356, 12.12.2014, lch. 438
[6] *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*: IO L 108, 29.3.2021, lch. 19
[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 i dtaca le Bainistiú Rialaithe Athruithe (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 356)

tionchar ar raon feidhme dhlíthe an Aontais atá ann cheana nó ina ndéanann siad athrú ar an raon feidhme sin.

Tá an méid seo a leanas de chuspóir ag na cinntí atá beartaithe:

– Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe a ailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8],

– Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le modh coiteann sábháilteachta chun meastóireacht riosca agus measúnú riosca a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2013 maidir leis an modh comhchoiteann sábháilteachta chun meastóireacht riosca agus measúnú riosca a dhéanamh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 352/2009 Téacs atá ábhartha maidir le LEE maidir le Córais Bainistíochta Sábháilteachta,

– rialacha nós imeachta CTE a thabhairt cothrom le dáta,

– na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta[9] a ailíniú.

Is léir go ndéanfar difear do rialacha an Aontais leis na cinntí sin a ghlacadh.

Déanfaidh an tAontas na cearta vótála a fheidhmiú i ndáil le glacadh na gcinntí sin agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar a cheann.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

Agus na cúiseanna uile thuasluaite á gcur san áireamh, ba cheart don Aontas vótáil ina bhfabhar.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite de ghníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[10].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear

[8] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44)

[9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 i dtaca le Bainistiú Rialaithe Athruithe (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 356)

[10] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64

air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[11].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é CTE a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá COTIF, go háirithe Airteagal 13(1)(c) agus (f).

Na gníomhartha a iarrtar ar CTE a ghlacadh le linn an 15ú seisiún dá chuid, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Modhnaítear creat dlíthiúil OTIF leis na gníomhartha atá beartaithe. Ós rud é gur páirtí conarthach iomlán in COTIF é an tAontas, beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le Comhaontú Aontachais AE-COTIF.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

**4.2. Bunús substaintiúil dlí**

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le hiompar idirnáisiúnta d'iarnród a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 91 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

11 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64

2023/0091 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha i dtaca le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe agus i ndáil le modh comhchoiteann sábháilteachta i ndáil le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, leis an modhnú ar rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, agus na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla STI FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le FTL a uasghrádú**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[12] agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún COTIF ('an Comhaontú').

(2) De bhun Airteagal 13(1)(f) de COTIF, cuireadh Coiste Saineolaithe Teicniúla ('CTE') OTIF ar bun.

(3) De bhun Airteagal 20(1)(b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Caighdeáin Theicniúla a bhailíochtú agus Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid le haghaidh úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta (APTU) – Foscríbhinn F a ghabhann le COTIF, tá CTE inniúil chun Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTP) a ghlacadh nó a leasú, *inter alia*, maidir le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe (GEN-E), maidir le modh comhchoiteann sábháilteachta maidir le meastóireacht riosca agus measúnú riosca (GEN-G), agus maidir le hiarratas feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta (TAF).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 16 (10) de COTIF, tá an inniúlacht ag CTE maidir le athbhreithniú ar a rialacha nós imeachta a mholadh.

---

12 Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1)

(5) I gclár oibre an 15ú seisiún dá chuid a bheidh ar siúl an 13 agus an 14 Meitheamh 2023, chuir CTE san áireamh togra le haghaidh cinntí chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E maidir le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe, chun leasú a dhéanamh ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G maidir le Modh Comhchoiteann Sábháilteachta i ndáil le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhodhnú agus na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le FTL a uasghrádú.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CTE a leagan síos mar beidh na cinntí atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas.

(7) Is iad cuspóirí na gcinntí sin na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E maidir le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe a ailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], athbhreithniú a dhéanamh ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G a bhaineann le Modh Comhchoiteann Sábháilteachta i ndáil le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhodhnú agus Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le FTL a ailíniú le rialacha an Aontais, is é sin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/5419 ón gCoimisiún[14].

(8) Tá na cinntí ó OTIF atá beartaithe i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais toisc go gcuireann siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais, agus ar an ábhar sin ba cheart don Aontas tacú leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 15ú seisiún de CTE den Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980 i ndáil leis na modhnuithe ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E maidir le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe agus ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G maidir le Modh Comhchoiteann Sábháilteachta i ndáil le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, maidir le modhnú rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, agus maidir leis na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla STI FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le UTP le haghaidh FTL a thabhairt cothrom le dáta:

(1) vótáil i bhfabhar an athbhreithnithe atá beartaithe a dhéanfaidh CTE ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-E a mhéid a bhaineann le cáilíochtaí agus neamhspleáchas na n-eintiteas measúnaithe, mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal TECH-23005 UTP GEN-E

(2) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag CTE ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha GEN-G a mhéid a bhaineann le Modh Comhchoiteann Sábháilteachta maidir le meastóireacht riosca agus measúnú riosca, mar atá i

[13] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44)

[14] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh agus malartú sonraí agus iad a shimpliú agus an próiseas um Bainistiú Rialaithe Athruithe a thabhairt cothrom le dáta (IO L 108, 29.3.2021, lch. 19)

nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal TECH-23006 UTP GEN-G

(3) vótáil i bhfabhar an modhnú atá beartaithe ag CTE ar rialacha nós imeachta an Choiste Saineolaithe Teicniúla, mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal TECH-23002 CTE

(4) vótáil i bhfabhar an togra ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla le haghaidh na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na STAnna maidir le FTL a uasghrádú, mar atá sa chinneadh atá beartaithe sa Doiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal TECH-21009-CTE FTL UTP.

*Airteagal 2*

A luaithe a ghlacfar na cinntí ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus ba cheart dáta a dteacht i bhfeidhm a bheith luaite leo.

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*